



Ráiteas Príobháideachais Earcaíochta an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta

Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, níos mó cearta agus smachta do dhaoine aonair maidir lena gcuid faisnéise pearsanta; agus cuirtear oibleagáidí agus freagrachtaí feabhsaithe ar conas a dhéanann eagraíochtaí sonraí pearsanta a bhailliú, a úsáid agus a chosaint.

Cuirtear an ráiteas príobháideachais seo ar fáil duit i gcomhréir lenár n-oibleagáid de réir an RGCS; agus leagtar amach ann faisnéis maidir leis an gcaoi a phróiseálann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta do chuid faisnéise chun críche Nósanna Imeachta Earcaíochta.

Maidir Linne

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta in 2001 agus is comhlacht poiblí neamhspleách é atá faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus atá freagrach do Thithe an Oireachtais.

Is é ról an Choimisiúin é leasanna aerphaisinéirí a chosaint tríd an méid seo a leanas a sholáthar:

- ❖ Seirbhísí aerfoirt ardchaighdeáin atá éifeachtach agus dírithe ar an tsábháilteacht;
- ❖ Aerlínte bunaithe in Éirinn agus seirbhís ar an talamh ag na trí aerfort Stáit atá sábháilte agus láidir ó thaobh an airgeadais de;
- ❖ Gníomhairí taistil agus oibreoirí turais Éireannacha atá stuama i dtaobh airgeadais;
- ❖ Creat daingean chun cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú i ngach aerfort in Éirinn; agus
- ❖ Creat rialála atá de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar ár bhfeidhmeanna, tabhairt cuairt ar ár [láithreán gréasáin](#).

I dteannta an mhéid thuasluaite, tá an Coimisiún ceaptha ag an Roinn mar Údarás Maoirseachta Náisiúnta ar rialachán an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus tá freagracht ag an gCoimisiún as rialachán eacnamaíochta an tSoláthraí Seirbhísí Aerloingseoireachta de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann.

In 2018, mar chuid den tionscnamh maidir le hathchóiriú rialála, rinne an Rialtas cinneadh feidhmeanna rialála Údarás Eitlíochta na hÉireann a scaradh óna seirbhísí tráchtála rialaithe aerthráchta. An sprioc atá le tionscnamh athchóirithe an Rialtais ná rialtóir náisiúnta eitlíochta aonair a bhunú a bheadh freagrach as rialachán eacnamaíoch, sábháilteachta agus slándála. Dhéanfaí é sin tríd an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta agus an Rannóg Rialaháin Sábháilteachta in Údarás Eitlíochta na hÉireann a chumascadh agus seirbhís tráchtála aonair maidir le rialú aerthráchta a chruthú go leithleach. Leanfaimid orainn ag obair leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Údarás Eitlíochta na hÉireann in 2020 chun an aidhm sin a bhaint amach.

I Meitheamh 2019, d'fhoilsigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Scéim Ghinearálta an Bhille Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2019, agus cheadaigh an Rialtas é. Thug an Rialtas tús áite do reachtaíocht a dhréachtú go foirmiúil agus leis sin, tugtar éifeacht fhoirmiúil agus dhlíthiúil

d'athstruchtúró Údarás Eitlíochta na hÉireann agus an Choimisiún. Tá sé sin á dhréachtú faoi láthair ag Oifig an Ard-Aighne.

Ár Sonraí Teagmhála

Is é an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta Rialtóir na sonraí pearsanta a phróiseáilimid, mura sonraítear a mhalairt.

Seo a leanas sonraí teagmhála an Choimisiúin:

Post: 3ú hUrlár, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773

Ríomhphost: info@aviationreg.ie

Guthán: 00353 (1) 6611700

Sonraí Teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha um chosaint sonraí. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ar na modhanna seo a leanas:

Post: 3ú hUrlár, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773

Ríomhphost: dpo@aviationreg.ie

Guthán: 00353 (1) 6346851

Prionsabail Maidir le Cosaint Sonraí

Comhlíonfaimid dlí agus prionsabail maidir le cosaint sonraí, rud a chiallaíonn go ndéanfar na nithe seo a leanas le do chuid sonraí:

- ❖ Úsáidfear iad go dleathach, go cothrom agus ar bhealach trédhearcach.
- ❖ Ní bhaileofar iad ach amháin chun críocha bailí atá mínithe againn go soiléir duit agus ní úsáidfear iad ar aon bhealach nach bhfuil ag teacht leis na cuspóirí sin.
- ❖ Beidh siad ábhartha do na cuspóirí atá mínithe againn duit agus teoranta do na cuspóirí sin amháin.
- ❖ Beidh siad cruinn agus cothrom le dáta.
- ❖ Ní choinneofar iad ach amháin don tréimhse ama atá riachtanach do na cuspóirí atá mínithe againn duit, is é sin maidir leis an mbeart earcaíochta.
- ❖ Déanfar iad a choimeád ar chaoi go n-áirithítear slándáil agus cosaint ar phróiseáil neamhdhártaíthe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla.

Catagóirí Sonraí Pearsanta

I ndáil le d'iarratas, déanfaimid na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a bhailiú, a úsáid agus a stóráil:

- ❖ Sonraí Teagmhála, is é sin Ainm, Seoladh, Uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist pearsanta, dáta breithe
- ❖ Iarratais ar Phost (CVanna, litir spreagtha, foirm iarratais)
- ❖ Sonraí Teistiméireachtaí/Moltóirí
- ❖ Nótaí Gearrliostaithe agus Agallaimh
- ❖ Comhfhreagras maidir le hiarratais
- ❖ Torthaí na trialach inniúlachta

Conas a Bhailítear Sonraí Pearsanta

Déanfaimid sonraí pearsanta faoi iarratasóirí ar phost a bhailiú ó na foinsí seo a leanas:

- ❖ An t-iarratasóir/na hiarratasóirí
- ❖ Moltóirí ainmnithe óna mbailímid sonraí maidir le fostaíocht roimhe sin agus feidhmiú le linn na fostaíochta roimhe sin.
- ❖ Gníomhaireachtaí earcaíochta (más infheidhme)

An Cuspóir Próiseála:

Úsáidfean na sonraí pearsanta ar na cuspóirí seo a leanas:

- ❖ Do chuid scileanna, cáilíochtaí agus oiriúnacht don phost a mheasúnú, is é sin trí agallaimh, tástáil inniúlachta.
- ❖ Seiceálacha a dhéanamh ar theistiméireachtaí.
- ❖ Eolas a chur in iúl duit maidir leis an bpróiseas earcaíochta.
- ❖ Taifid a choimeád maidir lenár bpróisis earcaíochta.

An Bunús Dlí leis na Sonraí a Phróiseáil

Caithfean cúis dleathach a bheith ag eagraíochtaí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá sé chúis dhleathacha le próiseáil sonraí pearsanta de réir an RGCS:

- ❖ Toiliú;
- ❖ Conradh a chomhlíonadh;
- ❖ Chun go gcomhlíonfaidh eagraíocht oibleagáid dhlíthiúil;
- ❖ I gcás gur gá na sonraí pearsanta a phróiseáil chun leasanna bunúsacha duine a chosaint;
- ❖ I gcás gur gá na sonraí pearsanta a phróiseáil chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail;
- ❖ I gcás go mbeadh an phróiseáil riachtanach i ndáil le leasanna dlisteanacha cuideachta/eagraíochta (ach amháin i gcás go dtiocfadh na leasanna sin salach ar leasanna nó ar chearta agus saoirsí an duine, nó go ndéanfadh siad dochar dóibh).

Déanfaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil d'fhonn próisis earcaíochta faoi bhunús dlí d'Airteagal 6.1.b., is é sin *'is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh'*

Cinnteoireacht Uathoibríthe

Ní bheidh iarratasóirí faoi réir cinntí a mbeadh tionchar suntasach orthu agus iad bunaithe ar chinnteoireacht uathoibríthe amháin.

Roinnt Sonraí

Ní roinnfimid do shonraí pearsanta ach amháin leis na catagóirí d'fhaighteoirí seo a leanas agus d'fhonn d'iarratas a phróiseáil:

- ❖ Acmhainní Daonna / Oifigeach Seirbhísí Corparáideacha an Choimisiúin
- ❖ Gníomhaireacht Earcaíochta, déanann siad na sonraí pearsanta a phróiseáil thar ár gceann agus tá siad faoi réir comhaontú maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil.

Slándáil Sonraí

Tá bearta slándála iomchuí i bhfeidhm chun do sonraí pearsanta a chosaint ar chailliúnt de thaisme, ar úsáid, nó ar rochtain neamhúdaraíthe, ar athrú, nó ar nochtadh. Ina theannta sin, ní bheidh rochtain ar do sonraí pearsanta ach ag na fostaithe sin agus na tríú páirtithe sin a bhfuil riachtanas gnó acu ina leith. Ní dhéanfaidh siad do sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin nuair a thabharfaimid treoracha sonracha dóibh agus tá siad faoi réir dualgas rúndachta.

Sonraí a choinneáil

- ❖ Don té a cheapfar, coimeádfaimid na sonraí pearsanta mar chuid de chomhad pearsanra an iarratasóra.
- ❖ Don iarratasóir neamhrathúil, coimeádfaimid na sonraí pearsanta ar feadh bliana i ndiaidh críochnú an chomórtais earcaíochta. I ndiaidh na tréimhse sin, scríosfaimid do sonraí pearsanta go slán agus i gcomhréir lenár bpolasaí maidir le sonraí a choinneáil.

Ceanglas chun Faisnéis a Chur ar Fáil

- ❖ Tá ceanglas conarthach ann an fhaisnéis a iarrtar inár bhfógraí ar phoist agus ar na foirmeacha iarratais a chur ar fáil; mura gcuirfear, d'fhéadfaí nach gcuirfí iarratasóirí ar an ngearrliosta, nó d'fhéadfadh sé tionchar diúltach a bheith aige ar an marc a thabharfar dóibh.

Ag Feidhmiú do Chearta maidir le Cosaint Sonraí

Tá na cearta seo a leanas agat de réir an RGCS:

- ❖ Rochtain a iarraidh ar do sonraí pearsanta ("iarraidh an ábhair sonraí ar rochtain" a thugtar air go coitianta). Ar an gcaoi sin, is féidir cóip de na sonraí pearsanta atá á gcoimeád againn fút a fháil agus seiceáil go bhfuil siad á bpróiseáil go dlíthiúil againn. Le haghaidh tuilleadh sonraí, cliceáil [anseo](#) ;
- ❖ Iarratas chun na sonraí pearsanta atá á gcoimeád againn fút a cheartú. Ar an gcaoi sin, déanfar aon sonraí neamhiomlána nó neachruinne a cheartú. Ceart Chun Ceartú, le haghaidh tuilleadh sonraí cliceáil [anseo](#) ;
- ❖ Léirscríosadh de do sonraí pearsanta a iarraidh. Ar an gcaoi sin, is féidir leat iarr orainn do sonraí pearsanta a scríosadh nó a bhaint nuair nach bhfuil cúis mhaith le hiad a phróiseáil. Le haghaidh tuilleadh eolais cliceáil [anseo](#) ;
- ❖ An Ceart Agóid a Dhéanamh i gCoinne Próiseála, cliceáil [anseo](#) le haghaidh tuilleadh sonraí;
- ❖ Cearta maidir le cinnteoireacht uathoibríthe, próifiliú san áireamh, cliceáil [anseo](#) le haghaidh tuilleadh sonraí;
- ❖ Iarratas chun srian a chur le próiseáil do sonraí pearsanta. Ar an gcaoi sin, is féidir leat iarraidh orainn próiseáil do chuid sonraí pearsanta a chur ar fionraí. Le haghaidh tuilleadh sonraí cliceáil [anseo](#) ;

- ❖ Iarratas maidir le do shonraí pearsanta a aistriú go páirtí eile. le haghaidh tuilleadh sonraí clliceáil [anseo](#) ;

agus an Ceart na cearta thuas a iarraidh ón Rialtóir Sonraí.

Más mian leat do chearta a fheidhmiú, déan teagmháil le do thoil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí, trí ríomhphost ar dpo@aviationreg.ie nó ar cheann de na sonraí teagmhála atá thuasluaite.

An Ceart Gearán a Thaisceadh

Tá sé de cheart agat gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta; is é sin an Coimisiún Cosanta Sonraí in Éirinn. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí ar na modhanna seo a leanas:

Foirm Theagmhála ar Líne: <https://forms.dataprotection.ie/contact>

Post - Baile Átha Cliath: 21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28

Post – Laois: Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise, R32 AP23

Guthán: +353 578 684 800 nó +353 761 104 800